# Ollsoláthair Ábhair TG4

# 2026

# An dáta deiridh d'iarratais: 12:00 an 17 Iúil 2026

*Seisiúin Eolais ar líne do léiritheoirí – an* ***9 Meitheamh*** *@ 10am*
*Sprioc-am d'iarratais ar an mbabhta ollsoláthair – an* ***17 Iúil 2026*** *@ 12am*
*Gearrliosta TG4 - an* ***30 Iúil 2026***
*Conarthaí ó Mheán Fómhair 2026 ar aghaidh...*
*(Tá sé de cheart ag TG4 na dátaí seo a athrú más gá)*

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

## FÍS EAGARTHÓIREACHTA

Cuireann TG4 fáilte roimh iarratais ón earnáil léiriúcháin neamhspleách ar bhabhta ollsoláthair léiriúcháin i gcomhair réimse leathan seánraí agus ardán éagsúil.

Ba mhaith le TG4 ábhar misniúil, spreagúil, spraíúil agus uaillmhianach a chur ar fáil dá lucht féachana, ábhar a thugann léargas ar shaol, ar chultúr, ar spiorad, ar acmhainn grinn agus ar fhéiniúlacht na nGael ar bhealach barántúil, comhaimseartha agus físiúil ar gach ardán. Ábhar den chéad scoth atá fréamhaithe sa teanga agus i bpobal na Gaeltachta agus i bpobal na Gaeilge, a chothaíonn ceangal leis an lucht féachana, a spreagann comhrá agus ar díol suntais é ar líne agus ar an scáileán in Éirinn agus níos faide i gcéin.

Cuireann TG4 an lucht féachana i gcroílár gach ní a dhéanann sé. Beidh riachtanais, mianta agus nósanna féachana lucht féachana TG4 i gcroílár an ábhair a chraolfar. Cé go leanfaimid de bheith láidir i réimsí amhail faisnéis, ceol agus spóirt, tá fís shoiléir againn freisin lucht féachana nua agus níos leithne a mhealladh le hábhar atá siamsúil, spraíúil, dána agus sainiúil agus a thugann 'Súil Eile' TG4 chun cinn ar bhealach comhaimseartha ar gach ardán.

Creideann TG4 i luach na Gaeilge agus gur buntáiste í ó thaobh na cruthaitheachta de. Tá TG4 ag lorg ábhair a thiocfaidh ón gcroí amach - ábhar atá fréamhaithe go nádúrtha sa teanga agus sa phobal, lena mbaineann uaillmhian ó thaobh na físiúlachta de, cur chuige eagarthóireachta láidir agus atá oiriúnach do gach ardán ón tús.

## FORBAIRT EARNÁLA

Tá forbairt earnála agus forbairt tallainne lárnach i bhfís fhadtéarmach TG4. Ní hamháin go bhfuil sé mar aidhm ag TG4 ábhar láidir a choimisiúnú, táimid ag iarraidh earnáil léiriúcháin chruthaitheach na Gaeltachta agus na Gaeilge a dhéanamh níos láidre, níos inbhuanaithe agus níos misniúla don todhchaí.

Tá sé mar aidhm againn an chruthaitheacht a chumasú, guthanna agus smaointe nua a thabhairt chun cinn, tacú leis an gcéad ghlúin cruthaitheoirí Gaeilge eile, deiseanna fáis agus forbartha a chruthú do chomhlachtaí léiriúcháin agus cultúr agus féiniúlacht na nGael a cheiliúradh le misneach, uaillmhian agus cruthaitheacht.

Ag teacht le straitéis TG4 agus le tosaíochtaí straitéise náisiúnta, beidh béim ar leith sa bhabhta ollsoláthair seo:

- Ar fhás agus ar inbhuanaitheacht comhlachtaí léiriúcháin Gaeltachta agus Gaeilge agus ar fhorbairt tallainne nua
- Ar an gcruthaitheacht a chumasú i measc phobal léirithe na Gaeilge
- Ar chnuasaigh léirithe a chruthú agus a neartú i bpobail Ghaeltachta ar fud na tíre, go háirithe sna ceantair sin ina bhfuil deiseanna fáis agus forbartha le tapú
- Ar fhostaíocht inbhuanaithe a chothú agus a neartú sna ceantair Ghaeltachta
- Ar thacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí a bhfuil fís láidir chruthaitheach acu agus a bhfuil cultúr na Gaeilge lárnach ina gcuid oibre

Tá comhpháirtíocht agus comhoibriú lárnach i gcur chuige TG4 agus tá súil againn an meon sin a neartú san earnáil. Mar sin, chomh maith le hiarratais aonair, cuirtear fáilte roimh thairiscintí comhpháirteacha idir comhlachtaí a bhfuil a gcuid láidreachtaí féin acu agus a bhfuil saineolas ar leith acu, agus a neartaíonn an earnáil léiriúcháin ina gceantair féin.

## CRITÉIR MHEASÚNAITHE

Measfar iarratais bunaithe ar chaighdeán eagarthóireachta, ar uaillmhian chruthaitheach agus ar acmhainn fhadtéarmach an togra agus an chomhlachta ó thaobh lucht féachana, forbairt earnála agus straitéis TG4 de.

## ÁBHAR, CRUTHAITHEACHT AGUS LUCHT FÉACHANA

- Caighdeán, cruthaitheacht agus nuálaíocht an ábhair atá molta san iarratas
- A mhéid agus atá spriocanna TG4 i ndáil leis an lucht féachana mar chuid den iarratas agus a mhéid agus a léirítear tuiscint ar spriocanna fáis TG4 i ndáil le gach ardán.
- A oiriúnaí agus atá an t-ábhar eagarthóireachta do riachtanais TG4
- A chruthaithí agus a fhísiúil agus atá an t-ábhar atá san iarratas
- Polasaí Teanga, cur chuige teanga san ábhar a chruthaítear agus úsáid na Gaeilge sa chomhlacht

## FORBAIRT AGUS INBHUANAITHEACHT COMHLACHTA AGUS EARNÁLA

- Léargas ar uaillmhian an chomhlachta don chonradh ollsoláthair chun gnó an chomhlachta a fhás
- Léargas ar an mborradh a chuirfear faoi fhostaíocht lánaimseartha inbhuanaithe i gcaitheamh thréimhse an bhabhta ollsoláthair
- Léargas ar fhorbairt eacnamaíoch i gceantair Ghaeltachta, go háirithe ceantair ina bhfuil deiseanna fáis
- Léargas ar fhorbairt foirne agus ar chumasú na cruthaitheachta agus na tallainne sa chomhlacht.
- Léargas ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha eile náisiúnta nó idirnáisiúnta an chomhlachta
- Cultúr sa chomhlacht sa thacaíonn le tograí cómhaoinithe agus comhléirithe

## RIALACHAS, RIARACHÁN AGUS AIRGEADAS

- Cur síos ar struchtúir agus ar fhoireann an chomhlachta.
- Buiséad agus plean airgeadais soiléir; ag teacht le costas in aghaidh na huaire TG4
- Léargas ar rialachas corparáideach an chomhlachta
- Léargas ar dhea-chleachtais rialachais an chomhlachta
- Luach ar airgead poiblí

## NA CONARTHAÍ OLLSOLÁTHAIR:

Táthar ag súil go dtosóidh na conarthaí ollsoláthair i bhFómhar 2026, cé go bhféadfadh siad tosú níos luaithe nó níos déanaí ná sin más gá. Beidh plean ábhair agus léirithe ag teastáil don chéad bhliain, chomh maith le fís agus smaointe d'ábhar do na blianta ina dhiaidh sin. Go ginearálta, mairfidh na conarthaí ollsoláthair trí bliana.

Meastar go mbeidh suas le 17 gconradh ollsoláthair le haontú agus nach gcaithfidh TG4 níos mó ná €9.7m in aghaidh na bliana orthu. Braithfidh sé ar líon agus ar chaighdeán na n-iarratas, ar thoradh an mheasúnaithe agus ar riachtanais sceidil, ilardáin agus lucht féachana TG4. Ní bheidh dualgas ar TG4 conradh a bhronnadh i ngach réimse mura mbaintear na spriocanna amach.

Beidh buiséad bliantúil socruithe le haghaidh gach réimse den bhabhta ollsoláthair ar feadh ré an bhabhta. Ba cheart don chomhlacht léiriúcháin líon na n-uaireanta an chloig maidir le gach gné den ábhar (idir an ghné líneach agus an ghné ilardáin) a bheidh á soláthar acu a chur in iúl de réir an treoir thíos. D'fhéadfadh idirbheartaíocht a bheith idir TG4 agus an comhlacht ina leith sin.

Ba cheart don chomhlacht na réimsí faoin mbabhta ollsoláthair, a thugtar sa liosta thíos, a bhfuiltear ag déanamh iarratais ina leith a shonrú san iarratas. Ní bhronnfar níos mó ná dhá ollsoláthair ar aon chomhlacht amháin.

Beidh seisiúin eolais (seimineár gréasáin ar Zoom) ar siúl an 9 Meitheamh ag 10am do chomhlachtaí ar spéis leo tuilleadh eolais a fháil faoin mbabhta ollsoláthair seo. Is gá clárú roimh réidh anseo. Le cruinniú a shocrú nó má tá ceisteanna agat maidir leis an mbabhta seo, cuir r-phost chuig maryellen.ni.chualain@tg4.ie nó laura.ni.cheallaigh@tg4.ie

## IARRATAIS Á LORG AR AN MBABHTA OLLSOLÁTHAIR

### OLLSOLÁTHAIR NUA DO CHOMHLACHTAÍ GAELTACHTA X 3

Tá sé mar sprioc ag TG4 ar a laghad trí chonradh ollsoláthair a bhronnadh ar chomhlachtaí Gaeltachta taobh amuigh de Chonamara, ag teacht le cur chuige TG4 an earnáil léiriúcháin neamhspleách a neartú. Tá earnáil láidir i nGaeltacht Chonamara cheana féin agus tá sé mar aidhm ag TG4 an earnáil neamhspleách a fhás agus a fhorbairt ar fud na Gaeltachta. Cuirfear fáilte roimh iarratais ó chomhlachtaí Gaeltachta in aon cheann de na seánraí thíos.

## 1. FÍORASACH (50’) X 1

**Le craoladh:** Lá i rith na seachtaine, i ndiaidh 9pm / ar Sheinnteoir TG4

Tá TG4 ag lorg ábhar faisnéise reatha uaillmhianach a mbeidh féiniúlacht láidir eagarthóireachta i gceist leis don phríomh-chlársceideal agus d’ardáin TG4. Tá TG4 ag iarraidh ábhar comhaimseartha, géarchúiseach agus ábhartha a choimisiúnú a mbeidh fís chruthaitheach láidir, scéalaíocht shainiúil agus pearsana láidre i gceist leis a spreagfaidh caint i measc an phobail agus a chuirfidh le súil eile agus le branda TG4. Beidh na cláir fréamhaithe i bpobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, ar cláir iad a mbeidh spéis ag an lucht féachana in Éirinn agus thar lear iontu ar na hardáin go léir

**Formáid:** Tá TG4 ag díriú go háirithe ar chláir uair a chloig (50’) leis an gconradh ollsoláthair seo. Fáiltítear roimh phacáistí ina bhfuil meascán d’ábhar, lena n-áirítear mionsraitheanna (2-4 uair an chloig) chomh maith le roinnt ábhar faisnéise digiteach úr agus neamhspléach a chruthófar go sonrach do YouTube, do Sheinnteoir TG4 agus d’ardáin eile TG4. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar faisnéise atá coimisiúnaithe ag TG4 le blianta beaga anuas lena chinntiú nach bhfuiltear ag moladh an ábhair chéanna arís.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad iomlán in aghaidh na bliana:** €630,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 7 uair a chloig ar a laghad (líneach/ábhar léirithe digiteach nua)

## 2. FÍORASACH (25’) X 1

**Le craoladh:** Lá i rith na seachtaine, ar TG4 agus ar Sheinnteoir TG4

Tá TG4 ag lorg tograí solúbtha comhaimseartha a thugann deis do chur chuige nua eagarthóireachta agus do ghuthanna nua teacht chun cinn san earnáil. Tá TG4 ag iarraidh ábhar comhaimseartha, géarchúiseach agus ábhartha a choimisiúnú a mbeidh fís chruthaitheach láidir, scéalaíocht shainiúil agus pearsana láidre i gceist leis. Beidh na cláir fréamhaithe i bpobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, ar cláir iad a mbeidh spéis ag an lucht féachana in Éirinn agus thar lear iontu ar na hardáin go léir

**Formáid:** Tá TG4 ag díriú go háirithe ar chláir leath uair a chloig (25’) leis an gconradh ollsoláthar seo den bhabhta ollsoláthair. Fáiltítear roimh phacáistí ina bhfuil meascán d’ábhar, lena n-áirítear mionsraitheanna (2-4 uair an chloig) chomh maith le roinnt ábhar faisnéise digiteach úr agus neamhspléach a chruthófar go sonrach do YouTube, do

Sheinnteoir TG4 agus d'ardáin eile TG4. Bheadh deis ar leith leis an seánra seo den bhabhta ollsoláthair cruthaitheoirí, stiúrthóirí agus guthanna nua a thabhairt chun cinn.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad iomlán in aghaidh na bliana:** €520,000 (líneach/ábhar léirithe digiteach nua)

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 8 uair a chloig ar a laghad

## 3. CÚRSAÍ REATHA X 1

**Le craoladh:** Lá i rith na seachtaine, i ndiaidh 9pm

Tá TG4 ag lorg sraith cúrsaí reatha trína ndéanfar iniúchadh agus mionscrúdú ar scéalta nuachta, ar scéalta atá i mbéal an phobail agus a spreagfaidh caint i measc an phobail. Mar chuid den tsraith déanfar anailís ghéarchúiseach, chróga agus chomhaimseartha ar scéalta nuachta agus ar na ceisteanna is mó atá ag dul i bhfeidhm ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge agus ar mhuintir na tíre. Táimid ag lorg cur chuige eagarthóireachta agus iriseoireachta láidir lena mbaineann guth agus cur chuige sainiúil.

Bheadh cláir na sraithe oiriúnach le seachadadh ar ardáin éagsúla TG4, agus fáilteofar roimh chur chuige ilardáin. D'fhéadfadh gnéithe faisnéise agus formáidí eile a bheith i gceist leis na cláir, mar aon le gné iniúchta. Bheadh téamaí na gclár le haontú le TG4 roimh ré.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad iomlán in aghaidh na bliana:** €360,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** Ar a laghad 4 uair a chloig (40' nó 50')

## 4. SRAITH IRISE X 1

**Le craoladh:** Lá i rith na seachtaine roimh 8pm/ar an Seinnteoir

Tá TG4 ag iarraidh sraith irise chomhaimseartha reatha, 25 nóiméad ar fhad a chraoladh beo nó iarbheo trí oíche i rith na seachtaine ar feadh tréimhse 24 sheachtain in aghaidh na bliana. Beidh an tsraith lonnaithe i stiúideo den chuid is mó, sraith a mbeidh sé le braith uirthi go bhfuil sí á craoladh beo, a bheidh faoi stiúir láithreoirí a bhfuil pearsantacht láidir acu, ina mbeidh comhrá siamsúil, aíonna, míreanna VT rialta agus tuairisceoiri timpeall na tíre. Beidh de chumas leis an tsraith freagairt go nádúrtha do scéalta, d'imeachtaí agus do chomhráite na linne ar bhealach siamsúil, fuinniúil agus Gaelach fad a chothófar nasc láidir le pobail agus le réigiún éagsúla ar fud na tíre. Ba cheart cur chuige láidir físiúil, eagarthóireachta agus ilardáin a bheith mar bhunchloch ag an mbranda nua seo.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad iomlán in aghaidh na bliana:** €1m

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 24 sheachtain x 3 chlár (25 nóiméad) ina aghaidh na seachtaine

## 5. SIAMSAÍOCHT FHÍORASACH X 2

**Le craoladh:** Ag an deireadh seachtaine/ i rith na seachtaine, i ndiaidh 9pm/ar an Seinnteoir

Tá TG4 ag lorg sraitheanna 50 nóiméad ar fhad ina measctar scéalaíocht fhíorasach le fuinneamh, greann agus siamsaíocht agus a mbeidh tarraingt láidir lucht féachana ag baint leo. Cuirfidh TG4 fáilte ar leith roimh smaointe a mbeidh cur chuige ilardáin láidir i gceist leo, ina mbeidh ábhar digiteach úr agus neamhspléach á fhorbairt go sonrach do na hardáin chun an lucht féachana is leithne a mhealladh.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad iomlán in aghaidh na bliana:** €600,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 8 uair a chloig ar a laghad (líneach/ábhar léirithe digiteach nua)

## 6. SIAMSAÍOCHT X 2

**Le Craoladh** Ag an deireadh seachtaine/ i rith na seachtaine, roimh nó i ndiaidh 9pm/ar an Seinnteoir

Tá TG4 ag lorg formáidí siamsúla, spraíúla agus dána a bheidh dírithe ar lucht féachana leathan, formáidí a thugann ardán dár gcultúr Gaelach agus a bhaineann leas as agus a thagann le Súil Eile TG4. Sraitheanna siamsaíochta 25/50 nóiméad ar fhad atá uainn, lena n-áirítear seónna ardfhuinnimh sa stiúideo nó ar an láthair, formáidí nó ábhar siamsaíochta a mheallfaidh lucht féachana leathan agus teaghlaigh. Cuirfidh TG4 fáilte ar leith roimh smaointe a mbeidh cur chuige ilardáin láidir i gceist leo, ina mbeidh ábhar digiteach úr agus neamhspléach á fhorbairt go sonrach do na hardáin chun an lucht féachana is leithne a mhealladh.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad iomlán in aghaidh na bliana:** €600,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** Ar a laghad 8 uair a chloig (líneach/ábhar léirithe digiteach nua)

## 7 .CEOL X 2

**Le craoladh:** Lá i rith na seachtaine / ar an deireadh seachtaine /ar an Seinnteoir

Tá TG4 ag lorg tograí uaillmhianacha ceoil ina mbeidh réimse leathan seánraí ceoil, agus béim ar leith ar an gceol traidisiúnta, ar an gceol comhaimseartha, ar an gceol tíre nua agus ar sheánraí ceoil eile a bhfuil spéis ag lucht féachana TG4 iontu. Tá suim ag TG4 in ábhar a thugann taibhiú agus scéalaíocht le chéile, a chruthaíonn ardán nua agus cur i láthair úr don cheol ar an scáileán agus ar líne, agus a chuireann siamsaíocht den scoth ar fáil don lucht féachana. Ba chóir na tograí a bheith in ann seasamh go láidir sa phríomh-chlársceideal, a bheith in ann lucht féachana leathan agus/nó nua a mhealladh, agus ba chóir láithreacht láidir dhigiteach a bheith mar ghné lárnach díobh ón tús.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad don iomlán in aghaidh na bliana:** €520,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 8 uair a chloig ar a laghad (líneach 25’ nó 50’ /ábhar léirithe digiteach nua)

## 8. SAOLCHLÁR X 1

**Le craoladh:** Lá i rith na seachtaine roimh 9pm/ar an Seinnteoir

Tá TG4 ag lorg smaointe úra, uaillmhianacha do shraitheanna saolchláir agus formáidí a thugann léargas ar shaol comhaimseartha na hÉireann ar bhealach siamsúil, mealltach agus ábhartha. Tá TG4 ag iarraidh ábhair a chuireann eolas praiticiúil ar fáil dár sprioc-lucht féachana agus a thugann splanc inspioráide dóibh i réimsí amhail stíl mhaireachtála, taisteal, cócaireacht, feirmeoireacht, sláinte, caidreamh, baile agus gairdín srl.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad don iomlán in aghaidh na bliana:** €560,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 8 uair a chloig ar a laghad (25’ nó 50’)

## 9. ÁBHAR DO DHAOINE ÓGA: DÉAGÓIRÍ (13-17) / LUCHT FÉACHANA FAOI 35 X 3

**Le craoladh:** Ag brath ar an seánra / ar an gcoincheap

**Formáid:** Sraith clár 25 / 50 nóiméad ar fhad don teilifis agus do na hardáin ar líne.

Tá TG4 ag lorg smaointe úra, uaillmhianacha agus ilardáin atá dírithe ar dhéagóirí (13-17 mbliana) agus ar lucht féachana 18-35 bliana. Tá TG4 ag iarraidh ábhair a léiríonn fuinneamh, éagsúlacht agus doimhneacht shaol na ndaoine óga sa Ghaeltacht agus na ndaoine óga a labhraíonn Gaeilge in Éirinn agus thar lear, a mbaineann guth sainiúil agus cur chuige comhaimseartha leis. Tá suim ar leith ag TG4 in ábhar dána, nuálach agus siamsúil - idir ghreann, shiamsaíocht, fhaisnéis, fhormáidí agus drámaíocht. Ní mór an sprioc-lucht féachana a bheith soiléir agus ní mór an chaoi a mbainfear an lucht féachana sin amach ar na hardáin chuí a léiriú go láidir.

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad don iomlán in aghaidh na bliana:** €525,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 7 uair a chloig ar a laghad (líneach/ábhar léirithe digiteach nua agus faid éagsúla)

## 10. CÚLA 4 X 3 (RÉAMHSCOIL, BUNSCOIL NÓ MEASCÁN)

**Le craoladh:** Lá i rith na seachtaine ar Cúla4

**Formáid:** Sraith clár i bhformáidí éagsúla agus d'fhaid éagsúla.

Tá Cúla 4 ag lorg ábhar tarraingteach, spraíúil agus samhlaíoch, idir ábhar beo-aicsean nó a mbeidh formáid mheasctha i gceist leis, ina mbeidh páistí, carachtair nó tallann óg ar an scáileán a mheallfaidh lucht féachana óg. Tá suim ag TG4 in ábhar atá dírithe ar spéiseanna agus ar shaol páistí an lae inniu - spraoi, teicneolaíocht, ealaín, eolaíocht, peataí agus eile. Ba chóir an sprioc-lucht féachana a bheith soiléir ón tús, mar aon le stíl, ton agus brandáil láidir a oireann don aoisghrúpa. Tá TG4 ag lorg ábhair do na spriocghrúpaí seo a leanas :

- Lucht féachana réamhscoile faoi 5 bliana
- Lucht féachana luath-bhunscoile (5-7 mbliana)
- Lucht féachana bunscoile (8-12 bhliain)

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Trí Bliana

**Buiséad don iomlán in aghaidh na bliana:** €550,000

**Líon na n-uaireanta atá le soláthar:** 10 uair a chloig ar a laghad

## RIACHTANAIS IARRATAIS

Beidh foirm le líonadh isteach mar chuid den iarratas ar an suíomh nua eCoimisiúin. Is féidir an t-eolas a bhaineann leis na riachtanais thíos agus aon eolas breise a chur ag deireadh an iarratais i bhfoirm pdf mar aon le naisc ar bith ar mian libh a áireamh.

**Is gá na nithe seo a leanas a bheith san áireamh mar chuid den iarratas ar an mbabhta ollsoláthair:**

- Cur síos ar an smaoineamh, ar an ton, uaillmhian, fís eagarthóireachta agus ar an gcur chuige cruthaitheach a bhaineann leis don chéad bhliain, chomh maith le hachoimre ar bhliain 2 & 3.
- Uaireanta an chloig d'ábhar, idir ábhar líneach agus digiteach, sa bhliain
- Amlíne léiriúcháin agus moltaí samplacha ar na cláracha/ an t-ábhar ilardáin don chonradh ollsoláthair ina iomláine
- Léargas a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil an togra ag teacht le Súil Eile TG4 agus leis an méid atá á lorg don seánra áirithe sin
- Léargas a thabhairt ar an gcaoi a gcuirfidh an togra le branda TG4
- A léiriú go soiléir go dtuigtear an sprioclucht féachana ar a bhfuil an t-ábhar dírithe agus go dtuigtear an chaoi a meallfar agus a gcoinneofar aird an lucht féachana sin.
- Plean ilardáin agus cur chuige soiléir maidir le forbairt an ábhair agus maidir lena chur in oiriúint do na hardáin dhigiteacha
- An fhoireann chruthaitheach agus eagarthóireachta a bheidh taobh thiar agus os comhair an cheamara agus taithí ábhartha na foirne sin
- Ba bhreá le TG4 dá ndéanfaí láithreoirí agus rannpháirtithe nua a mholadh mar chuid den iarratas.  Má tá tallann ar an scáileán i gceist, tabhair iad sin le fios chomh maith le nasc chuig a dtriail scáileáin mar chuid den iarratas.
- Cur chuige eagarthóireachta teangeolaíoch don léiriú - ní mór an cur chuige a úsáidfear sa chlár / sa tsraith chun ardchaighdeán, cruinneas agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú a chur in iúl  Beidh comhairleoir teanga ó phainéal nua comhairleoirí teanga TG4 riachtanach le haghaidh gach togra.
- Cur síos ar an gcaoi a gcuideoidh an conradh ollsoláthair le forbairt tallainne, scileanna agus cumas cruthaitheach sa chomhlacht, sa cheantar agus san earnáil.
- Plean maidir le caiteachas, fostaíocht inbhuanaithe agus forbairt sna réigiúin agus an tionchar a bheidh ag an gconradh ollsoláthair ar fhás an chomhlachta agus ar an earnáil go háitiúil
- Buiséad ar theimpléad Buiséid TG4  Conradh ollsoláthair a bheidh maoinithe 100% ag TG4 atá i gceist.  Beidh iarratas incháilithe má bhíonn sé faoin gcostas atá luaite.

**Is é an 17/07/2026 @ 12:00 an dáta deireadh a nglacfar le hiarratais faoin mbabhta ollsoláthair.**

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

*Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/, agus an t-iarratas a dhéanamh roimh an sprioc-am tríd an rogha,* ***Ollsolatháir 2026****, a roghnú ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is iad na comhlachtaí féin a chaithfidh a chinntiú gur seachadadh na hiarratais.*

*Má tá aon cheist agat faoin bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig*

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*